

BLAINIRIS 8

Eagarthóirí
RUAIRÍ Ó hUIGINN
LIAM MAC CÓIL



CARBAD

An Apastróf agus Filíocht na Scol

Marie Whelton

Réamhrá

Téarma Gréigise ó bhunús is ea an téarma ‘apastróf’ a thagair ón tús d’aon chasadh ón lucht éisteachta i dtreo comhchainteora ar leith. D’fhéadfadh an comhchainteoir sin a bheith i láthair an chainteora, mar a tharlaíonn nuair a chuireann an file forrán ar dhuine amháin i dtionól poiblí nó ar léitheoir amháin as grúpa léitheoirí. Ach ní gá an láithreach fhisiceach a bheith i gceist. Ar dhaoine atá as láthair agus marbh go minic a dhírítear, amhail is go bhfuil siad i láthair; nó castar i dtreo rudaí neamhbheo gan anam, nó i dtreo Dé. Is iad an gairmeach, an t-ordaitheach agus an dara pearsa sainchomharthaí na hapastróife.

Is suaithinseach an claonadh i dtreo na teicníochta seo i bhfilíocht na Gaeilge trí chéile. Tá aitheanta ag Joep Leerssen agus é ag tarraingt ar thaighde staitistiúil Katharine Simms gur filíocht apastrófach í filíocht na mbard ó bhonn. San fhilíocht sin, dar leis, labhraítear i gcónaí le ‘*destinataire*’ éigin.¹

Is annamh, ámh, a luaitear an teicníocht sa chritic ar an bhfilíocht agus fágann an folús seo go bhfuil na buncheisteanna faoi ról na hapastróife i bhfilíocht na Gaeilge le freagairt. In éagmais fráma tagartha is fiú amharc i dtreo traidisiún critice eile chun teacht ar eiseamláirí léirmheastóireachta. Tá trácht ar an apastróf sa staidéar atá déanta ar sheanlitríocht na Gréigise, agus

tá an apastróf sa reitric chlasaiceach pléite ag na húdaráis sa réimse úd. Chomh maith leis sin faightear tráchttaireacht ar an apastróf i dteoiricí liteartha an Bhéarla agus sa diagacht spioradálta. Is é gnó an pháipéir seo achoimre a dhéanamh ar na teoiricí a chuirtear chun cinn faoin apastróf sna traidisiúin sin, agus roinnt impleachtaí a eascraíonn as sin do chás na bairdne a chur san áireamh.

An apastróf sa tráchttaireacht ar an litríocht Ghréagach

Ag tús an chéid seo caite thosaigh díospóireacht maidir le ról na hapastróife i bhfilíocht Homer. Ar lámh amháin d'aontaigh an tráchttaire Robert M. Henry le reitricelaithe anallód go raibh feidhm mhothálach ag an apastróf san fhilíocht.² Ar an lámh eile d'áitigh Campbell Bonner gur gléas é a roghnaigh an file toisc gur oir sé don mheadarach.³ Le linn na seachtóidí shonraigh Adam Parry go bhfuil an dá mhíniúchán sin teoranta.⁴ Tháinig sé ar an gconclúid go gcaitheann an apastróf solas ar charachtracht agus ar ábhar an dáin agus gur réaduchtú é féachaint ar an tróp mar ghné a roghnaíodh ar chúiseanna meadarachta amháin.

Cé nach bhféachtar ar an apastróf mar áis mheadarachta sa Ghaeilge, féachann Pádraig Breatnach ar athrá na míre gairmí i ndánta áirithe mar chuid de ghléas buafhoclach a bhí i bpáirt ag na filí.⁵ Tá an gléas sin le sonrú sa dán 'Féuch Féin an obairsi, a Aodh.'⁶ Ach cé gur gléas coinbhinsiúnta é, dar leis gur 'ornáid chaithiseach' atá sa ghléas buafhoclach freisin, 'ag soláthar treise leis an bpríomhargóint adhmholtach.'⁷ Tagann an dearcadh seo leis an dearcadh a nocht Parry i dtaobh fhilíocht na Gréigise, go mbaintear feidhm as an gcoinbhinsiún go chomhfhiosach chun

cur le plota an dáin agus ní toisc go n-éilíonn an mheadaracht a leithéid de ghléas.

Staidéar eile ar an litríocht Ghréagach gur fiú sracfhéachaint a thabhairt air anseo is ea staidéar Elizabeth Brunius-Nilsson ar mhód amháin den apastróf sa litríocht sin.⁸ Bíonn d'fheidhm ag an ngairmeach sa phaidir, sa ghríosadh agus sa spreagadh fileata dar léi, dul i gcion ar bhealaí éagsula ar an gcomhchainteoir. De réir na teoirice seo is tróp é an apastróf a shoilsíonn a chaolchúisí is atá an cleachtas cumhachta laistigh den téacs. Aithnítear go raibh filíocht na mbard, dlúthcheangailte le cúrsaí cumhachta ar chúiseanna pátrúnachta, agus de bharr an ról a bhí ag an bhfile i gcaomhnú na struchtúr polaitiúil sa tsochaí mheánaoiseach. Ar an ábhar sin b'fhéidir go gcaithfidh an staidéar ar an apastróf lóchrann ar chúrsaí cumhachta sna caidrimh a chruthaítear laistigh den dán díreach.

An apastróf sa reitric chlasaiceach

In alt ceannródaíoch leis an mBreatnach, bhí an méid seo le rá aige faoi thionchar na reitric ar thraidisiún na mbard:

One important ingredient which should never be overlooked is the influence of school doctrines concerning the art of rhetoric.... We should expect to detect that influence in some measure in Irish vernacular tradition also, both in relation to the organization of the subject matter and the use of figurative language.⁹

Le déanaí, tá tionchar suntasach na reitric clasaicí ar fhilíocht na scol deimhnithe ag Michelle O Riordan.¹⁰

Aithnítear gurbh í an aidhm ba mhó a bhí ag an reitric ná

dul i gcion ar an gcomhchainteoir.¹¹ Dar leis na saineolaithe a phléann le cúrsaí reitrice bhain an apastróf leis na fíoracha a raibh d'aidhm acu dul i gcion ar mhothúcháin an lucht éisteachta nó an léitheora. Ina leabhar, *In defence of rhetoric*, míníonn Brian Vickers gur bhain an apastróf leis na *figurae sententiae* nó *les grandes figures* mar a thug na Francaigh orthu. Chomh maith leis an apastróf chuir na reitriceolaithe an *exclamatio*, an *imprecatio* agus an *prosopopoeia* sa ghrúpa céanna léi agus is éard a bhí iontu ná 'an automatic way of arousing the feelings.'¹² Faoi thionchar na fileatachta Arastatailí bhí an dearcadh forleathan i measc reitriceolaithe go dtéann carachtar a bhíonn i ngreim na mothúchán i gcion ar dhaoine ar bhealach suntasach. Mar seo atá ag Vickers:

In Aristotle's words; 'those who are in the grip of the emotions are most persuasive because they speak to the same natural tendencies in us, and it is the character who rages or expresses dejection...[who] stirs us to anger or dejection.'¹³

I gcás na bairdne is minic a úsáidtear an apastróf i gcomhthéacsanna ríthochtmhara. Is féidir na dánta deoraíochta a cumadh ag tús an tseachtú haois déag a lua mar shamplaí. Faightear Giolla Brighde Ó hEoghusa ag labhairt leis an tír go heolchaireach agus é ag fágáil sláin lena thír dhúchais agus lena ghairm mar fhile, nó Eoghan Ruadh Mac an Bhaird ag labhairt go haithiseach lena chroí féin ar chloisteáil dó go bhfuil Ó Domhnaill tinn. D'fhéadfaí na dánta atá dírithe ar thithe agus ar chaisleáin bhánaithe a léamh mar chomhartha ar an ngné chéanna den apastróf.¹⁴

Mar sin féin, is fiú a chur san áireamh go gceistíonn an

léirmheastóir, Jonathan Culler, an dearcadh go dtéann an apastróf i gcion ar mhothúcháin an éisteora tríd an léargas a thugann sé ar mhothúcháin an chainteora. Dar leis gur mó a fheidhmíonn na dánta ina labhraítear go paiseanta, go háirithe, le rudaí neamhbheo chun léargas a thabhairt ar ghníomh na gairme agus ar chumhacht fhileata an chainteora chun cumarsáid a dhéanamh leis an rud neamhbheo.¹⁵ Fillfear ar theoiricí Culler níos faide síos ach ar dtús féachfar ar an ról a shamhlaítear leis an apastróf laistigh de dhisciplín na diagachta.

An apastróf sa diagacht spioradálta

Ní haon ionadh go mbeadh staidéar déanta ar an apastróf laistigh de thraidisiún na diagachta óir bunghné stairiúil d'adhradh na ndéithe i mórán gach cultúr is ea an guth apastrófach. Feiminéan reiligiúnach seachas liteartha atá san apastróf dírithe ar Dhia. Is féidir fianaise den ghuth achainíoch apastrófach sin a fháil i bpaidreacha ársa ar fud an domhain, paidreacha atá i bhfoirm filíochta go minic. Sa diagacht spioradálta Críostaí glactar leis gurb é atá sa phaidreoireacht ná caidreamh idir an duine agus Dia. Tá ról lárnach ag an bhfórrán sa ghairmeach agus ag an achainí i bhforbairt an chaidrimh sin.¹⁶ Dar le diagairí ar nós Don E. Saliers ba chóir don diagacht ar fad claonadh i dtreo na paidre agus i dtreo an ghairmigh, toisc go mbaineann aon tráchttaireacht a dhéantar ar Dhia le réimse tnúthánach den teanga agus gurb é an ghairmeach is mó a léiríonn an tnúthán sin. Mar seo atá aige:

Theology belongs to a mode of understanding deeper than knowing by discursive reason alone. Since prayer is

communion and dialogue, always involving a relatedness ... theological thinking must exhibit the very nature of the relationship in which it approaches its object. Theology approaches its task by respecting and participating in the language of the vocative.¹⁷

Ainneoin nach é an liotúirge is spéis linne anseo, is fiú féachaint freisin ar theoiricí an diagaire Chríostaí, Catherine Pickstock, faoi fheidhm na hapastróife sa phaidreoireacht liotúirgeach. Tuairmíonn Simms, mar shampla, go bhfuil fiche faoin gcéad d'fhillíocht na mbard dírithe i dtreo neimhe.¹⁸ Glacann Pickstock leis gur tróp drámatúil guthach mothálach ó bhonn atá san apastróf agus nach í an teanga réasúnaíoch eolaíochtúil atá ann, ach a mhalairt. Tá nádúr dialógach seachas monalógach ag an apastróf liotúirgeach sa mhéid go gcreidtear go mbuaileann dhá réaltacht le chéile tríd an tróp, ach cé go mbuaileann an paidreoir agus Dia le chéile gabhann cráiteacht áirithe leis an gcumarsáid. 'The agony of apostrophic striving' a thugann sí air agus is é sin a' chinntíonn go sáraíonn an guth seo dírithe ar Dhia an t-imeanachas, atá mar shaintréith den nua-aoiseachas dar le tráchtairí áirithe, toisc go n-aithnítear go bhfuil achar idir an paidreoir agus Dia agus go bhfuil ann don tárchéimnitheacht.¹⁹

Tá sé ar na conclúidí is spéisiúla a thagann as staidéar Pickstock, go dtugann an teanga apastrófach, dar léi, dúshlán suntasach don nua-aoiseachas; ar ndóigh is tábhachtaí é sin don staidéar ar an bhfilíocht nua-aimseartha ná d'fhillíocht na mbard ach is fiú é a lua d'fhonn comparáide. Dar léi tugann an guth apastrófach liotúirgeach dúshlán do réamhthuiscintí an nua-aoiseachais i leith na suibiachta:

...the substitution for nominalization by apostrophe in liturgical forms redefines objectivity as holding a depth of absence and spontaneous initiative. In this way, objectivity is grounded in transcendent subjectivity, and liturgical truth is understood not to involve primarily the clear apprehension of a mastered object, but rather a prior seizure of the subject by an overwhelming subjectivity.... The liturgical use of apostrophe insinuates, against the modern and postmodern, a non-ironic, identifiable subject.

Spreagann an méid sin ceisteanna tábhachtacha do chás na Gaeilge; cad a chiallaíonn sé, mar shampla, gur ionann ‘urnaí maidine’ agus gnáthchumarsáid theaghlaigh do Michael Davitt? Gur ionann an t-adhradh agus an grá daonna i gcás Phádraig Mhic Fhearghusa?²⁰ B’fhéidir gur comharthaí iad na dánta seo go bhfuil an guth apastrófach dírithe ar Dhia tréigthe ag na filí nua-aimseartha, nó b’fhéidir gur comhartha iad den teibíocht faoina labhraíonn Pádraig de Paor, nuair a deir sé go bhfuil ‘an dearcadh dealaitheach nua-aimseartha i ndiaidh castáil isteach ar an duine féin, ar an tsuibíocht’ agus go bhfuil an ‘duine comhaimseartha ag imirt oibiachtú ar a phearsantacht féin.’²¹ Tugann na ceisteanna sin le fios cé chomh práinneach agus atá an taighde ar an apastróf mar choinbhinsiún liteartha, ní hamháin i bhfilíocht apastrófach na mbard ach san fhilíocht nua-aimseartha freisin.

I gcomhthéacs achtú an liotúirge is tróp poiblí é an apastróf. Scrúdaíonn Pickstock gnás Rómhánach an aifrinn sa mheánaois mar pharaidím den liotúirge i gcoitinne. Sa ghnás sin sonraíonn sí dhá chineál apastróife. Ar dtús tá an apastróf achainíoch a

lorgaíonn cabhair ó Dhia i dtaobh an liotúirge féin. Sa dara háit tá an apastróf atá cosúil leis an tíolacadh agus leis an gceol. Apastróf í sin a ghlaonn le bheith ag glaoch amach:

Because this latter type is removed from the economy of utility, it is more readily assimilable to the character of language as gift ... and takes the form not of a petition but a calling which like music, both invokes and attracts. It instantiates a sensual calling which, without instrumental purpose, represents the dislodging of language from diurnal orders of reasoning. The apostrophic voice calls in order to be calling ... and is thus situated within an expectant and passionate order of language.²²

Díol spéise an ghné seo den apastróf óir go n-aithníonn tráchtairí ar nós Calvert Watkins gur mar ‘thabhartas’ don phátrún a d’fheidhmigh filíocht na mbard.²³ Ar ndóigh níor thabhartas saor in aisce a bhí san fhilíocht ach tabhartas a thuill cúiteamh ón bpátrún. Is féidir a rá mar sin nach bhfuil apastróf na mbard saor ón bhfóntachas ná ó chleachtas na cumhachta murab ionann agus an apastróf thabhartasach sa liotúirge, is cosúil. Fiú amháin san fhilíocht dhiaga is léir go bhfuil dearcadh na pátrúnachta le feiceáil ann agus lorgaíonn Giolla Brighde Mac Con Midhe, mar shampla, mac ó Dhia ‘i lógh’ a dháin.²⁴

An apastróf i dteoiricí liteartha an Bhéarla

Toisc gurb é an rud dodhéanta atá á dhéanamh nuair a labhraítear le rudaí atá gan chumas éisteachta agus tuisceana sa saol mór, áitíonn teoiriceoirí éagsúla go ndéanann an file iarracht gnáthdhlíthe na cumarsáide a shárú le cabhair na

hapastróife. Mar seo a chuireann Furniss agus Bath síos ar an ngné seo den apastróf:

Apostrophe seems to hark back to magic ritual and to primitive ideas that the absent, the dead, the inanimate or the non-human can be contacted, and their aid invoked. Yet the thing which is humanized retains a sense of mysterious otherness, as if it might have power over us (as the dead do in some religions).²⁵

Cé gur idirdhealú caolchúiseach é seo idir an pearsantú agus an claonadh draíochtúil, tuilleann sé aird ar leith i gcomhthéacs na Gaeilge toisc go nglactar leis an bhfilíocht sa bhéaloideas mar chleachtas osnádúrtha draíochtúil. Ach an féidir linn dánta, ar nós ‘A Chláirsíoch Chnuic Í Chosgair’ ón gceathrú haois déag le Gofraidh Fionn Ó Dálaigh, mar shampla, a léamh mar iarracht dhraíochtúil cumarsáid a dhéanamh leis an uirlis cheoil?²⁶ Sa dán sin, cé go ndéantar pearsantú áirithe ar an gcláirseach sa mhéid go labhraítear leis an gcláirseach amhail is go bhfuil cumas éisteachta agus tuisceana ag an uirlis, fós fanann siombalachas na cláirsí slán; ní léir aon chomparáid ar leith á déanamh idir an chláirseach agus an duine daonna. Tugann sé sin le fios b’fhéidir, go bhfuil an file ag iarraidh cumarsáid dhraíochtúil a dhéanamh leis an gcláirseach féin, seachas le híomhá phearsantaithe den uirlis. Ina dhiaidh sin féin, is mó an fhéidearthacht gur pearsantú ar bhonn na sineicidicé atá ar súil i ndánta mar é seo, atá dírithe ar earraí de chuid an phátrúin. Is é sin go labhraítear le giuirleídí an phátrúin in ionad leis an bpátrún féin: *pars pro toto*. Go deimhin, is mar bhrainte den phearsantú a fhéachann teoiriceoirí liteartha an Bhéarla ar an apastróf dírithe ar rudaí neamhbheo go hiondúil.

Ach glactar leis nach pearsantú simplí atá ann. Dar le Paul de Man go bhfuil gaol ag an apastróf leis an réadú agus leis an bpearsantú ar aon, sa mhéid go dtugtar cumas don chainteoir teagmháil a dhéanamh le rudaí neamhbheo, agus san am céanna, go dtugtar cumas don rud an teanga dhaonna a thuiscint.²⁷

An teoiriceoir, Jonathan Culler, ámh, is mó atá i ndiaidh dul i ngleic le ról na hapastróife i bhfilíocht an Bhéarla. I gcómhthéacs na cumarsáide a shuíonn sé an fhíor. Trí pháirtí atá i gceist san apastróf dar leis; an guth fileata a labhraíonn, a chomhchainteoir, agus an lucht éisteachta. Ach ní cumarsáid shimplí í óir ní ag iarraidh freagra a mhúscailt ina chomhchainteoir amháin atá an file, ach ag iarraidh, freisin, a chuid cumhachta a thaispeáint agus í a chruthú os comhair an lucht éisteachta. Nuair a labhraíonn an cainteoir le rudaí neamhbheo tugann sé le fios go bhfuil seans ann, go bhfuil de chumhacht aige teagmháil a dhéanamh leis an rud neamhbheo. Ach is cumhacht fhileata í seo seachas cumhacht dhraíochtúil. Láithrítear nó ath-láithrítear an rud atá as láthair, is é sin, déantar iarracht an neamhláithreachta, an bhailbhe agus, uaireanta an bás stairiúil, a shárú le cabhair coinbhinsiúin fhileata, a thrópann ar an gcumarsáid féin.²⁸ Is í sainiúlacht na hapastróife, dar le Culler, go ndéantar iarracht an t-am stairiúil a shárú tríd an am fileata dioscúrsach a chur ina áit. I bhfocail Culler:

Apostrophe resists narrative because its now is not a moment in a temporal sequence but a now of discourse, of writing. This temporality of writing is scarcely understood, difficult to think.... Apostrophe is not the representation of an event; if it works, it produces a fictive, discursive event.²⁹

Má ghlactar le teoiricí Culler glactar leis go ndéanann an léamh a fhéachann ar dhánta apastrófacha mar fhianaise ar chumarsáid stairiúil amháin, réaduchtú ar fhairsingeacht agus ar shainiúlacht na hapastróife. Tugann an méid sin sinn go táirseach dhíospóireacht idirghabhlánach idirnáisiúnta faoin tagracht agus faoin bhfileatacht. Brian Ó Cuív i lár na seascaidí a chuir tús leis an díospóireacht i gcomhthéacs na Gaeilge maidir le filíocht na mbard.³⁰ Shonraigh sé comhionannas idir an file agus an staraí sa tréimhse iar-Normanach.³¹ Ar an ábhar sin caitheann filíocht na scol, dar leis, solas ar easnaimh na gcáipéisí staire. Is iomaí cló a fuair an argóint chéanna ó shin i leith. Dar le Seán Ó Faoláin feidhmíonn filíocht na mbard mar fhoirse staire agus áitíonn sé gur féidir ionannú a dhéanamh idir an fhilíocht seo agus na cáipéisí stáit a bheadh ar fáil don staraí de ghnáth.³² An tuairim chéanna atá ag Canny agus déanann sé ionannú arís idir an fhilíocht agus na háiseanna staire.³³ Cé go n-aithníonn Simms go bhfuil gné fhalsa ag baint leis na dánta fós áitíonn sí gur féidir comparáid a dhéanamh idir an dán díreach agus an litir nó an dialann i gcultúir eile.³⁴

Is mór idir é sin agus an léamh a mholann Culler, is é sin na dánta apastrófacha a léamh mar léiriú fileata nó drámata ar chomhrá stairiúil, nó mar léiriú fileata ar chomhrá nár tharla riamh sa stair ach amháin i samhlaíocht an fhile. An cheist atá le freagairt anseo ná an féidir linn léamh Culler ar fheidhm na hapastróife, léamh atá struchtúrach nua-aimseartha ó bhonn a dhéanamh ar fhilíocht na mbard?

Chun teacht ar fhreagra na ceiste sin ní mór aird a thabhairt, ar dtús, ar cheann de na díospóireachtaí is conspóidí le blianta beaga anuas maidir le filíocht na mbard, is í sin an díospóireacht

faoi na constaicí atá le sárú ag an léirmheastóir nua-aimseartha a dhéanann iarracht filíocht na mbard a mheas go haeistéitiúil. Ar an lámh amháin tá teoiriceoirí ar nós Leerssen, a áitíonn go bhfuil gá le staidéar ar nádúr agus ar chineál na bearna idir téacsanna fileata na mbard agus an pheirspictíocht theoriciúil iar-rómánsach atá ag criticeoirí an lae inniu i leith na litríochta.³⁵ Tá Nic Eoin den tuairim chéanna: nár chóir múnlaí údarlárnacha an rómánsachais a chur anuas ar théacsanna a d'eascair as comhthéacs réamhrómánsach agus gur fhilíocht fhoirmiúil choinbhinsiúnta seachas phearsanta a bhí inti don chuid is mó.³⁶

Freagra ar na teoiricí sin a fhaighimid ó Louis de Paor san alt léirmheasa aige ar dhán de chuid Uí Eodhusa agus léiríonn sé go n-éiríonn leis an bhfile foirmlí comónta an traidisiúin a mhúnlú chun fíormhothú pearsanta a chur in iúl.³⁷ Freagra eile a fhaighimid ó Alan Titley san alt aige faoi litríocht na meánaoiseanna.³⁸ Is féidir a áitiú gur réaladh cruthaitheach, go bpointe áirithe, ar an ábhar céanna atá san úrscéal uaidh an *Fear Dána*.³⁹ Dar leis gur minic a chuirtear constaicí sa tslí ar an léitheoir nua-aimseartha a dhéanann iarracht léamh fiúntach a dhéanamh ar fhilíocht na scol. Cé go n-aithníonn sé gur filíocht dheasghnáthach shearmanasach í, a cuireadh os comhair an phobail san aithris phoiblí bhéil áitíonn sé gur féidir na deacrachtaí léirmheastóireachta a eascraíonn as sin a shárú, agus go raibh an coinbhinsiún agus an tsamhlaíocht chlaochlaitheach, ann riamh anall sa litríocht.⁴⁰ Tá an Breatnach i ndiaidh páirt a ghlacadh sa díospóireacht chéanna agus cé go ndéanann sé léirmheastóireacht aeistéitiúil ar dhán de chuid Fhearghail Óig Mhic an Bhaire tugann sé rabhadh arís i bhfocail

Paul Zumthor faoi 'that vast impassable abyss that divides our modernity from the middle ages.'⁴¹ Ar na gnéithe is suntasaí d'fhillíocht na mbard atá caillte ar an léirmheastóir nua-aimseartha dar leis, tá a nádúr béil.⁴²

Ainneoin nach bhfuil na scoláirí ar aon tuairim faoin scéal, tá an méid seo i bpáirt acu ar fad, is é sin go raibh ról ag an aithris bheo bhéil i láithriú na filíochta agus cé nach féidir an comhthéacs beo sin a athchruthú ar bhealach lánsásúil, gur fheidhmigh formhór na ndánta mar chumarsáid amharclannach tháispeántach (murab ionann agus cumarsáid phríobháideach ar bhonn liteartha, de chuid an lae inniu) idir an file, an taoiseach agus an pobal. Dhá eilimint atá anseo: an chumarsáid agus an drámatacht le chéile. I ndánta apastrófacha bíonn an file i gcumarsáid leis an taoiseach, ach is trí mheán dráma fileata atá nach mór liotúirgeach, os comhair an lucht éisteachta a tharlaíonn an chumarsáid sin. B'fhéidir mar sin go gcaithfidh teoiricí nua-aimseartha Culler, a fhéachann ar an apastróf mar thróp a thrópann ar chiorcad na cumarsáide féin, solas ar an idir-imirt chasta a tharlaíonn i bhfilíocht na mbard idir cumarsáid litriúil agus cumarsáid amharclannach, idir tagracht agus fileatacht, idir stair agus aeistéitic.

Conclúid

Ag labhairt i dtaobh fhilíocht an Bhéarla dúirt Culler nach bhfuil go leor ar eolas againn faoin apastróf go fóill, lena rá céard go baileach a tharlaíonn nuair a éiríonn leis an tróp san fhilíocht.⁴³ Is lú fós atá ar eolas againn faoi fheidhmiú na hapastróife i bhfilíocht na Gaeilge. Cé nach bhfuil mórchuid tuairimíochta déanta ar an

apastróf i ndisciplín ar bith, is léir fós ón scagadh gairid a deineadh sa pháipéar seo, ar thrópeolaíocht idirnáisiúnta na hapastróife, gur tróp ilghnéitheach é a thagann chun cinn san fhilíocht ar chúiseanna éagsúla. Uaireanta luaitear cúiseanna caoithiúlachta a bheith taobh thiar de rogha na hapastróife; go n-éilíonn an mheadaracht an gléas, mar shampla; ach luaitear cúiseanna níos tromchúisí freisin agus dar le tráchtairí áirithe tá sé ar na bealaí is coitianta a dtéann an fhilíocht i ngleic le mórfhadhb an chine dhaonna, is í sin, fadhb na neamhláithreachta. Cé go soláthraíonn na teoiricí idirnáisiúnta seo fráma tagartha agus go spreagann siad ceisteanna faoi leith i dtaobh apastróf na Gaeilge, níl iontu ach an pointe tosaigh.

Tagairtí

¹ Joep Leerssen *The contention of the bards (Iomarbhágh na bhfileadh) and its place in Irish political and literary history* (Londain: Irish Texts Society Subsidiary Series, 1994) 65: 'The type of bardic poetry on which the participants in the Contention drew is always *addressed* to someone. Such poetry may be religious in nature, addressing God or the Virgin Mary. It may be nature-poetry, addressing a river, a landscape or a bird. However, the usual variety addresses chiefs or princes, in encomastic, exhortary or elegiac terms. Formal bardic poetry by definition worked by apostrophizing a specific *destinataire*.' Katharine Simms 'Bardic poetry as a historical source' in Tom Dunne ead. *The writer as witness: literature as historical evidence* (Corcaigh: Cork University Press, 1987) 58-75, 71.

² Robert Mitchell Henry 'The use and origin of apostrophe in Homer' *Classical Review* 19 (1905) 7-9, 9.

³ Campbell Bonner 'The use of apostrophe in Homer' *Classical Review* 19 (1905) 383-386, 383: 'Having previously made some notes on the subject of apostrophe in Homer, and having found reason to believe that metrical convenience played an important part in the use of the figure, I was surprised to see no mention of this phase of the question in Mr. R. M. Henry's article.... And yet I find that the opinion that metrical necessity had something to do with the use of apostrophe is not a new one.'

⁴ Adam Parry 'Language and characterization in Homer' *Harvard Studies in Classical Philology* 76 (1972) 1-22, 9, 14-15.

- ⁵ Pádraig Breatnach *Téamaí taighde Nua-Ghaeilge* (Maigh Nuad: An Sagart, 1998) 75-76.
- ⁶ Edward J. Gwynn eag. 'Tomás Costelloe and O'Rourke's wife' *Ériu* 9 (1921) 1-11.
- ⁷ Breatnach *Téamaí taighde* 87.
- ⁸ Elizabeth Brunius-Nilsson *Daimonie: an inquiry into a mode of apostrophe in Old Greek literature* (Uppsala: Almqvist & Wiksills Boktryckeri AB, 1955) 41.
- ⁹ Pádraig Breatnach 'The aesthetics of Irish bardic composition: an analysis of *Fuaras iongnadh, a fhir chumainn* by Fearghal Óg Mac an Bhaird' *Cambrian Medieval Celtic Studies* 42 (Geimhreadh 2001) 51-72, 53.
- ¹⁰ Michelle O Riordan *Irish bardic poetry and rhetorical reality* (Corcaigh: Cork University Press, 2007).
- ¹¹ Breatnach 'Aesthetics' 59: 'The art of rhetoric... "seeks to persuade the judge;" ...and the medieval inheritors of the classical rhetorical tradition... see the need to deal with the process of construing arguments as one of their foremost objectives.'
- ¹² Brian Vickers *In defence of rhetoric* (Oxford: Clarendon Press, 1988) 284.
- ¹³ Vickers *Defence* 297.
- ¹⁴ Giolla Brighde Ó hEoghusa, in eagar ag Cuthbert Mhág Craith *Dán na mBráthar Mionúr I* (Baile Átha Cliath: Institiúid Árd-Léinn Bhaile Átha Cliath, 1967, 1980) 28-31 agus Maolmuire Mac Con-Uladh mac an Bhaird, in eagar ag Thomas F. O' Rahilly *Measgra dánta* II (Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1927) 150-155.
- ¹⁵ Jonathan Culler *The pursuit of signs: semiotics, literature, deconstruction* (London: Routledge & Kegan Paul, 1981) 138.
- ¹⁶ Féach go háirithe an tráchtas ar an bpaidreoireacht in *Catechism of the Catholic Church* (Baile Átha Cliath: Veritas, 1994) 544-610; aist. Gaeilge *Caiticíosma na hEaglaise Caitlicí* (Baile Átha Cliath: Vertias, 2001) 676-759
- ¹⁷ Dan E. Saliers 'Religious affections and the grammar of prayer' in R.H. Bell eag. *The grammar of the heart: new essays in moral philosophy and theology* (San Francisco: Harper and Row, 1988) 189-194, 190.
- ¹⁸ Simms 'Bardic poetry' 71. Féach freisin Micheál Mac Craith 'An intinn Ghaelach agus an diagacht' *Comhar* Deireadh Fómhair, 1980, 116-126, 120: 'Nuair a bhreathnaíonn duine ar phaidreacha dúchais na hÉireann agus na hAlban, ceann de na rudaí is suntasaí a bhaineann leo is ea a mhinice is dánta agus/nó amhráin iad. Is iad na paidreacha nach dtagann leis an bpátrún seo na heisceachtaí, déanta na fírinne. Ba í an fhilíocht an mheán ba nádúrtha agus ab éifeachtaí don ghuí....'
- ¹⁹ Catherine Pickstock *After writing: on the liturgical consummation of philosophy* (Oxford: Blackwell, 1999) 198.
- ²⁰ Michael Davitt *Bligeard sráide* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1983) 27 agus pléite ag Máire Ní Annracháin 'Litríocht na Gaeilge i dtreo na mílaoise' *An Aimsir Óg* 1999, 18-19.
- ²¹ Pádraig de Paor 'Gnéithe den saol eile inár gcultúr comhaimseartha: An leannán sí agus Lara Croft' *An Aimsir Óg* 2000, cuid 2, 1-26, 7.
- ²² Pickstock *After writing* 193.
- ²³ Calvert Watkins 'The Etymology of Irish *dúan*' *Celtica* 11 (1976) 270-7.
- ²⁴ Thomas F. O'Rahilly *Measgra dánta* (Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1972) 167.

- ²⁵ Tom Furniss agus Michael Bath *Reading poetry: an introduction* (Londain: Prentice Hall, 1996) 127.
- ²⁶ Gofraidh Fionn Ó Dálaigh, in eagar ag Osborn Bergin *Irish bardic poetry* (Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 1984) 66.
- ²⁷ Féach James Paxson *The poetics of personification* (Cambridge: Cambridge University Press, 1994) 52: ‘...apostrophe is intimately linked to reification, for the phenomenological stakes of addressing speech towards that which is non-human presumes an imaginary, ontically different state of affairs in which non-human things could have “language,” however alien.... The move thus assimilates the apostrophizer to the apostrophized, engendering the reification of the human speaker as well as the personification of the apostrophized thing.... Put another way, apostrophe is both *prosopopeia* and reification.’
- ²⁸ Culler *Pursuit of signs* 135.
- ²⁹ Culler *Pursuit of signs* 152-3.
- ³⁰ Brian Ó Cuív ‘Literary creation and Irish historical tradition’ *Proceedings of the British Academy* 49 (1963) 233-262, 235.
- ³¹ Ó Cuív ‘Literary creation’ 234-5.
- ³² Seán Ó Faoláin *King of the beggars: a life of Daniel O’Connell* (Baile Átha Cliath: Poolbeg, 1986 [1938]) 18.
- ³³ Nicholas Canny ‘The formation of the Irish mind: religion, politics and Gaelic Irish literature 1580-1750’ *Past and Present* 95, 91-116, 111.
- ³⁴ Simms ‘Bardic poetry’ 58. Féach freisin, Joep Leerssen *Mere Irish and Fíor-Ghael* (Corcaigh: Cork University Press in Association with Field Day, 1996 [1986]) 152: ‘Nevertheless I hope to show that the non-fictional, discursive quality of bardic poetry does not negate its importance as poetry....’
- ³⁵ Joep Leerssen ‘Faoi thuairim na deorantachta’ in M. Ní Dhonnchadha eagar. *Nua-Léamha: gnéithe de chultúr, stair agus polaitíocht na hÉireann c.1600-c.1900* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tra, 1996) 50.
- ³⁶ Máirín Nic Eoin ‘An t-údar, an téacs agus an criticeoir’ M. Ní Annracháin agus B. Nic Dhiarmada eagar. *Téacs agus comhthéacs*, (Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1998) 64-94, 68: ‘Cé gur bhuail fileolaithe agus eagarthóirí múnla údarlárnach ar thraidisiún filíochta na scol, ní hé an cur chuige sin is oiriúnaí ar chor ar bith le dul i ngleic chriticiúil le corpas liteartha a fáisceadh as comhthéacs agus mothálacht réamhrómánsaíoch.’
- ³⁷ Louis de Paor ‘Do chur cuarta ar gcríde’ in P. Riggs, B. Ó Conchúir, agus S. Ó Coileáin eagar. *Saoi na héigse* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 2000) 35-55.
- ³⁸ Alan Titley ‘Litríocht na meánaoiseanna’ in Riggs et al. eagar. *Saoi na héigse* 261-302.
- ³⁹ Mar seo a chuireann Micheál Mac Craith síos ar ghnó Titley san úrscéal ina aiste, ‘Treallchogaíocht in aghaidh na critice’ *Comhar Aibreán* 1996, 33-34: ‘Athchruthú beoga bríomhar ar shaolréim an mhórfhile Muiríoch Albanach Ó Dálaigh. Úrscéal stairiúil den scoth.... Ach ... agus tá go leor *achanna* ann.... Ní hé an file féin is mó is cás leis ach iomhá an fhile faoi mar a chruthaigh na léirmheastóirí agus na scoláirí literatha é...’
- ⁴⁰ Titley ‘Litríocht na meánaoiseanna’ 292.
- ⁴¹ Breatnach ‘Aesthetics’ 52.

⁴² Breatnach 'Aesthetics' 52: 'One aspect common to all medieval poetry, which is obviously irrecoverable and accordingly gives rise to a limitation of our capacity to appreciate the genre on its own terms, is the aural/oral dimension. Zumthor points out that all through the Middle Ages the text 'seems to have been designed to function theatrically as a communication between performer (singer, writer, or reader) and public.'

⁴³ Culler *Pursuit of signs* 153.